



An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026  
(OR. en)

9398/26

LIMITE

CORLX 479  
CFSP/PESC 710  
EPF AM 75  
COAFR 139

### **GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

---

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES)  
2025/2379 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun  
tacú le Fórsaí Armtha Shead

---

**CINNEADH (CBES) 2026/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/2379 maidir le beart cúnamh  
faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Shead**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus  
Airteagal 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas  
Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 24 Samhain 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/2379<sup>1</sup> lenar bunaíodh beart cúnamh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Shead ('an beart cúnamh').
- (2) An 15 Eanáir 2026, fuair an tAontas iarraidh ó Shead chun raon feidhme geografach an bhirt cúnamh a leasú tar éis athlonnú *École nationale des sous-officiers d'active* ó Koundoul go Kalait.
- (3) D'éirigh leis an ngníomhaí cur chun feidhme ainmnithe, *Economat des Armées*, an próiseas measúnaithe colúin a chur i gcrích agus is féidir cur chun feidhme an bhirt cúnamh i mbainistíocht indíreach a chur de chúram air.
- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2025/2379 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

<sup>1</sup> Cinneadh (CBES) 2025/2379 ón gComhairle an 24 Samhain 2025 maidir le beart cúnamh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha Shead (IO L, 2025/2379, 25.11.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2379/oj>).

## Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2025/2379 mar a leanas:


- (1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
- ‘3. Chun an beart a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoiníofar leis an mbeart cúnamh na cineálacha trealamh seo a leanas nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a thabhairt, agus na soláthairtí agus na seirbhísí seo a leanas, lena n-áirítear oiliúint theicniúil, i gcás inar gá:
- (a) oibreacha bonneagair agus athchóiriú ar *École nationale des sous-officiers d’active de Kalait* (ENSOA-KA);
  - (b) trealamh oideachais do ENSOA-KA;
  - (c) curaclaim ENSOA-K a athdhearadh;
  - (d) an clár ‘oiliúint a chur ar na hoiliúnóirí’ ag ENSOA-KA.’;
- (2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- ‘2. Is é *Economat des Armées* a dhéanfaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den Chinneadh seo a chur chun feidhme.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*



---